



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Iúil 2022  
(OR. en)

9868/22

---

**Comhad Idirinstitiúideach:**  
**2022/0178 (NLE)**

---

**ECOFIN 575**  
**UEM 169**

#### **GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

---

Ábhar: RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 974/98 a mhéid a bhaineann le tabhairt isteach an euro sa Chróit

---

## **RIALACHÁN (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 974/98 a mhéid a bhaineann le tabhairt isteach an euro sa Chróit**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 140(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach<sup>1</sup>,

---

<sup>1</sup> Tuairim an... (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 974/98 ón gComhairle<sup>1</sup> go gcuirfear an euro in ionad airgeadraí na mBallstát a chomhlíon na coinníollacha is gá chun an euro a ghlacadh tráth a tháinig an Comhphobal isteach sa tríú céim den aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta.
- (2) De réir Airteagal 5 d'Ionstraim Aontachais 2012, is Ballstát ag a bhfuil maolú í an Chróit, mar a shainítear in Airteagal 139(1) den Chonradh.
- (3) De bhun Chinneadh (AE) 2022/... ón gComhairle an ... 2022<sup>2+</sup>, comhlíonann an Chróit na coinníollacha is gá chun an euro a ghlacadh agus tá an maolú maidir leis an gCróit le haisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2023.
- (4) Le tabhairt isteach an euro sa Chróit, ní mór na forálacha atá ann cheana maidir le tabhairt isteach an euro a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 974/98 a leathnú chun an Chróit a chumhdach.

---

<sup>1</sup> Rialachán (CE) Uimh. 974/98 ón gComhairle an 3 Bealtaine 1998 maidir le tabhairt isteach an euro (IO L 139, 11.5.1998, lch. 1).

<sup>2</sup> Cinneadh (AE) 2022/... ón gComhairle an ... 2022 maidir le glacadh an euro ag an gCróit an 1 Eanáir 2023 (IO L...,..., lch....).

<sup>+</sup> IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir agus dáta an Chinnidh ón gComhairle atá i ndoiciméad ST 9867/22 agus comhlánaigh an fonóta comhfhreagrach.

- (5) Le Plean Náisiúnta na Cróite um an Aistriú go dtí Euro sonraítear gur cheart nótaí bainc agus boinn euro a bheith ina ndlíthairiscint sa Bhallstát sin an lá a thabharfar an euro isteach mar airgeadra. Dá bhrí sin, ba cheart gurb é an 1 Eanáir 2023 an dáta a ghlacfar an euro agus an dáta a aistreofar go dtí airgead tirim. Níor cheart feidhm a bheith ag aon tréimhse ‘céimnithe amach’.
- (6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 974/98 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 974/98, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas idir an iontráil a bhaineann leis an bhFrainc agus an iontráil a bhaineann le hÉirinn:

|            |               |               |        |
|------------|---------------|---------------|--------|
| ‘An Chróit | 1 Eanáir 2023 | 1 Eanáir 2023 | Uimh.’ |
|------------|---------------|---------------|--------|

### *Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

---